Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13571/20**

**COPS 431**
**CIVCOM 181**
**POLMIL 187**
**CFSP/PESC 1063**
**CSDP/PSDC 600**
**RELEX 963**
**JAI 1054**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13438/20 COPS 424 CIVCOM 179 POLMIL 182 CFSP/PESC 1047 CSDP/PSDC 593 RELEX 939 JAI 1037 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC mar a ghlac an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Nollaig 2020.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE COMHSHOCRÚ SIBHIALTACH CBSC

1. Cuireann an Chomhairle chun suntais rannchuidiú ríthábhachtach misean sibhialtacha uile CBSC i dtaca leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta agus cuireann sí a buíochas in iúl do na fir agus do na mná a bhíonn ag fónamh sna misin sin.

2. Meabhraítear don Chomhairle gur ghlac sí féin agus ionadaithe rialtais na mBallstát an comhshocrú sibhialtach CBSC, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle i mí na Samhna 2018, agus athdhearbhaíonn sí a gealltanas go ndéanfaí CBSC sibhialtach níos cumasaí, níos éifeachtaí, níos solúbtha agus níos freagraí, agus níos comhpháirtí chomh maith.

3. Molann an Chomhairle an dul chun cinn foriomlán i dtaca le cur chun feidhme Chomhshocrú Sibhialtach CBSC a rinneadh i gcaitheamh na bliana seo caite; ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear trí Ionad Barr Feabhais Eorpach um Bhainistiú Géarchéime Sibhialtaí a chruthú, agus a rinne SEGS agus ranna an Choimisiúin ar leibhéal an Aontais. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme iomlán comhréireach ghealltanais uile an chomhshocraithe a áirithiú agus athdhearbhaíonn sí gur tosaíocht uileghabhálach é sin.

4. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an ról tábhachtach atá ag CBSC sibhialtach i gcur chuige comhtháite an Aontais maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha agus chun a chur san áireamh gur gá feabhas a chur ar na sineirgí idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, idir an tslándáil agus an fhorbairt, lena n-áirítear trí chearta an duine, an smacht reachta, an dea-rialachas, urraim don dlí idirnáisiúnta agus tacaíocht d'Athchóiriú na hEarnála Slándála (AES) a nascadh, mar aon leis an ngá feabhas a chur ar na sineirgí idir gnéithe sibhialtacha agus míleata CBSC. Ina theannta sin, ba cheart go gcuideodh iarrachtaí le comhlíonadh leibhéal uaillmhéine an Aontais agus a thrí thosaíocht straitéiseacha a comhaontaíodh sa Chomhairle i mí na Samhna 2016 agus, ag an am céanna, na príomhghnéithe uile a sainaithníodh ó ghéarchéim COVID-19 á gcur san áireamh.

5. Ag tógáil ar an anailís ar bhagairtí agus ar ionchur téamach féideartha eile, meabhraítear don Chomhairle go saineofar leis an gCompás Straitéiseach treoshuíomhanna beartais agus spriocanna agus cuspóirí sonracha i réimse na slándála agus na cosanta, lena n-áirítear CBSC sibhialtach agus ag tógáil ar chomhshocrú sibhialtach CBSC. I ndáil leis an méid sin, cuireann sí i dtreis go dtabharfar aghaidh san obair leanúnach atá á déanamh maidir leis an gCompás Straitéiseach ar an méid is féidir le sibhialtach CBSC a bhaint amach chun freagairt ar dhúshláin agus ar bhagairtí nua atá ag teacht chun cinn.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an gealltanas láidir a thug na geallsealbhóirí go léir ag an gComhdháil Athbhreithnithe Bliantúla ar Chomhshocrú Sibhialtach CBSC (CAB) a tionóladh an 23 Samhain 2020, eadhon go gcuirfidís an comhshocrú i gcríoch a luaithe is féidir, agus faoi Shamhradh 2023 ar a dhéanaí.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle torthaí CAB, lena n-áirítear na garspriocanna a moladh do 2021. Sainaithnítear sna garspriocanna sin na trasnaisc idir réimsí éagsúla an chomhshocraithe agus leagtar amach ann an bealach chun cinn don bhliain atá romhainn. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcaithfear an fhreagrúlacht, an éifeachtacht agus an athléimneacht a fheabhsú agus, ag an am céanna, chun a áirithiú go mbainfear úsáid sholúbtha ghasta éifeachtúil as buiséad CBES agus infheictheacht CBSC shibhialtaigh a mhéadú mar aon le dlús a chur leis na hiarrachtaí chun comhpháirtíochtaí tairbhiúla a fheabhsú le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le tíortha comhpháirtíochta ar mór acu na luachanna agus na cuspóirí is dual don Aontas agus lánurraim á tabhairt do chreat institiúideach an Aontais.

8. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go gcaithfear cearta an duine agus an comhionannas inscne a phríomhshruthú sna gníomhaíochtaí go léir agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus rúin eile ina dhiaidh sin á gcur san áireamh go hiomlán. Anuas air sin, tacaíonn an Chomhairle le ceapadh coincheap ábhartha maidir le dúshláin slándála shainaitheanta, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, *inter alia* trí nuálaíochtaí teicneolaíochta i gcomhar leis na gníomhaithe ábhartha i réimse an Taighde, na Forbartha agus na Nuálaíochta (TFN). Iarrann sí go gcuirfí cur chuige comhtháite chun cinn agus comhar agus sineirgí níos dlúithe a threisíonn a chéile a chur chun cinn idir misin shibhialtacha CBSC, gníomhaithe CGB agus ranna an Choimisiúin i gcomhréir lena sainorduithe dlíthiúla faoi seach.

9. I gcomhréir leis an gcomhshocrú, agus chun treoir a chur ar fáil do na Ballstáit, do SEGS agus do ranna an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an chomhshocraithe sin in 2021, formhuiníonn an Chomhairle na garspriocanna a sainaithníodh in CAB, lena n-áirítear go háirithe ach nach n-eisiatar na gníomhaíochtaí eile a leanas:

- Leanfaidh na Ballstáit den obair go gníomhach maidir lena bpleananna náisiúnta cur chun feidhm lena n-áirítear trí mhalartú neamhfhoirmiúil na taithí sin agus na gceachtanna a foghlaimíodh d'fhonn rannchuidiú níos mó le CBSC sibhialtach a mhéadú a thuilleadh agus líon na saineolaithe ar iasacht sna misin a mhéadú i dteannta a chéile. Féadfaidh struchtúir agus saoráidí náisiúnta nó ilnáisiúnta, lena n-áirítear an tIonad Eorpach Barr Feabhais um Bhainistiú Géarchéime Sibhialtaí, mar is iomchuí, i gcás ina gcomhaontaítear sin agus ar bhealach cuimsitheach tacaíocht a chur ar fáil chun struchtúir an Aontais atá ann cheana a chomhlánú go hiomlán agus chun tacú leo freisin;
- Tacóidh SEGS agus ranna an Choimisiúin, i gcás inarb iomchuí, leis na Ballstáit ina gcuid oibre breise cumais, acmhainneachtaí agus inniúlachtaí a cheapadh agus a sholáthar atá riachtanach chun go mbeidh an tAontas in ann tabhairt faoi raon iomlán misean chun géarchéimeanna sibhialtacha a bhainistiú;
- Oiliúint a chur ar na saineolaithe náisiúnta roimh dóibh dul ar mhisean agus le linn dóibh a bheith ar mhisean i gcomhréir leis an mBeartas Oiliúna CBSC agus freisin, leis an treoir ó Ghrúpa Oiliúna Sibhialtach an Aontais, an comhar agus na sineirgí ó thaobh oiliúna a fheabhsú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear oiliúint ábhartha i dteangacha agus mionchoincheapa ábhartha a úsáid chun cabhrú le riachtanais shonracha oiliúna maidir le dúshláin nua slándála i gcomhar leis na soláthraithe oiliúna ábhartha de réir mar is iomchuí agus agus tacaíocht á fáil acu ó SEGS agus ó ranna an Choimisiúin;
- Cuirfear feabhas ar bhainistiú acmhainní daonna agus déanfar na próisis níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla, lena n-áirítear ceapadh níos straitéisí ar inniúlachtaí sibhialta a cheadú, *inter alia* beartas agus nósanna imeachta earcaíochta SEGS i leith na misean a athbhreithniú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus athbhreithniú a dhéanamh ar stádas fostaíochta ball foirne conarthach idirnáisiúnta;
- Cuirfear timpeallacht oibre fhabhrach chun cinn i misin shibhialtacha CBSC, lena n-áirítear iarrachtaí chun an cheannaireacht, an oiliúint agus bearta coisctheacha a neartú chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair agus Smachta;

- Cuirfidh na Ballstáit, SEGS agus ranna an Choimisiúin gníomhú níos tapa i dtaca le cinnteoireacht oibríochta do mhisin shibhialtachta a chur chun cinn agus a spreagadh agus, nuair is féidir, cuíchóireofar bearta pleanála agus cinnteoireachta agus déanfaidh siad an fhreagrúlacht a fheabhsú a thuilleadh, i gcomhréir leis an gcur chuige ilsrathach agus leis an gcroí-acmhainn freagrúlachta;
- Molfar na módúlachtaí a d'fhéadfaí a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar oibríochtúil na misean agus iarrachtaí ábhartha a rinneadh roimhe seo á gcur san áireamh;
- Tá sé mar aidhm ag na Ballstáit, ag SEGS agus ag ranna an Choimisiúin príomhshruthú níos doimhne agus níos córasaí a dhéanamh maidir le gnéithe a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhionannas inscne agus méadú ar ionadaíocht na mban a chur chun cinn go dúthrachtach ar gach leibhéal de mhisin CBSC, agus chuige sin iarrann sí ar SEGS straitéis agus plean gníomhaíochta tiomnaithe a cheapadh;
- De réir chur chuige comhtháite an Aontais leanfar de bheith ag neartú na sineirgí agus na comhlántachta idir gnéithe sibhialtacha agus míleata CBSC agus, ag an am céanna, na róil shainiúla agus na línte ceannais atá acu á n-urramú, lena n-áirítear féachaint leis na príomhcheachtanna uile a sainaithníodh ó ghéarchéim COVID-19 a chur chun feidhme;
- Ar an dul céanna, cothóidh na Ballstáit, SEGS agus ranna an Choimisiúin comhar agus sineirgí, a neartóidh a chéile, idir misin shibhialtacha CBSC, gníomhaithe CGB (lena n-áirítear na haireachtaí ábhartha, gníomhaireachtaí agus meithleacha na Comhairle), chomh maith le ranna an Choimisiúin, i gcomhréir lena sainorduithe dlíthiúla faoi seach, lena n-áirítear trí shaineolas a bhaineann le CGB a neartú laistigh de struchtúir ábhartha CBSC, agus an fhéidearthacht a bheith ann leas a bhaint as na foirne speisialaithe agus as na saineolaithe coincheapa ar cuairt agus féachaint ar na módúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le go mbeadh ranna an Choimisiúin agus gníomhaithe CGB páirteach i gcomhairliúchán. Tá mionchoincheapa mar bhonn don fhreagairt níos leithne chun dul i ngleic leis na dúshláin slándála mar a leagtar síos i gComhshocrú Sibhialtach CBSC trí chineálacha nua oibríochtaí nó trí threoirthionscadail agus úsáidtear iad freisin mar ionchur don phleanáil straitéiseach agus oibríochtúil, i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí;

- Déanfaidh na Ballstáit agus SEGS, trí chumarsáid straitéiseach, infheictheacht CBSC shibhialtaigh a fheabhsú a thuilleadh chun feasacht a chruthú agus chun tacaíocht a fháil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, lena n-áirítear i measc na n-údarás náisiúnta ábhartha, amhail parlaimintí agus aireachtaí líne agus gníomhaireachtaí.

10. Is mian leis an gComhairle go ndéanfaí nuashonrú tréimhsiúil ar an dul chun cinn a dhéantar.